Irish

An Fliú Mucúil – ORTSA ATÁ FREAGRACHT A CHOISCTHE

Bileog Fíricí ar Vacsaín an Fhliú Mhucúil

Go raibh maith agat as teacht isteach le haghaidh Vacsaín an Fhliú Mhucúil

Céard é an Fliú Mucúil?
Is víreas nua fliú é an Fliú Mucúil a chuireann breoiteacht ar dhaoine, agus é idir bhog agus mheasartha i gcás mhóramh na ndaoine. Tharla an phaindéim fliú reatha de bharr an víris seo. Is í vacsaín an fhliú mhucúil an bealach is fearr chun an bhreoiteacht seo a chosc.

Cén chaoi a n-oibríonn vacsaín an Fhliú Mhucúil?
Cabhraíonn an vacsaín le do chóras imdhíonachta antasubstaintí a chruthú i gcoinne víreas an Fhliú Mhucúil. Nuair a théann duine a bhfuil vacsaíniú déanta air/uirthi i dteagmháil leis an bhFliú Mucúil, ionsaíonn na hantasubstaintí seo an víreas agus cabhraíonn siad le cosc a chur ar thógáil an fhliú.

Cé chomh sábháilte is atá vacsaín an Fhliú Mhucúil?

Táimid ag súil leis go mbeidh vacsaín an fhliú mhucúil chomh sábháilte leis an ngnáthvacsaín fliú shéasúraigh, rud atá á n-úsáid le breis is 60 bliain. Táthar ag súil leis gur beag iad na fothorthaí tromchúiseacha a bheidh i gceist agus ní féidir leat an Fliú Mucúil a thógáil ón vacsaín. Tá na vacsaíní go hiomlán ceadúnaithe agus tástáilte go cliniciúil. Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi shábháilteacht vacsaíne ar swineflu.ie.

An bhfuil sé sábháilte vacsaíniú a dhéanamh ar mhná torracha?
Tá. Is féidir úsáid shábháilte a bhaint as an vacsaín i rith toirchis agus moltar í do gach bean ó 14 seachtaine toirchis go dtí 6 seachtaine i ndiaidh na breithe. Moltar do mhná atá torrach suas go dtí 14 seachtaine agus a bhfuil fadhb sláinte phriacalach acu i láthair na huaire, moltar dóibh an vacsaín a fháil chomh maith.

An féidir an fliú a thógáil ó vacsaín an Fhliú Mhucúil?

Ní féidir. Tá víreas maraithe i vacsaín an Fhliú Mhucúil agus ní féidir fliú mucúil a thógáil mar gheall uirthi.

An bhfuil éinne ann nach féidir leis/léi vacsaín an Fhliú Mhucúil a fháil?

Níor chóir vacsaín an Fhliú Mhucúil a thabhairt do leanaí faoi bhun 6 mhí d'aois

Ba chóir go bhfaigheadh gach duine atá níos sine ná 6 mhí d'aois an vacsaín, ach amháin má tá

- ailléirge thromchúiseach (bagrach don bheatha) air/uirthi le huibheacha nó le substaintí eile sa vacsaín
- Siondróm Guillain Barre ar an duine cheana féin

Pléigh an cheist seo le foireann chlinic na vacsaíne má tá tú buartha

Cén uair ba chóir an vacsaíniú a chur siar?

Níor chóir vacsaíniú a dhéanamh ort má tá teocht ort de bhreis is 38^0C

Cén fhad go mbeidh an vacsaín ag feidhmiú?

Tosaíonn feidhmiú na vacsaíne taobh istigh de dhá sheachtain – is é ár gcomhairle ort i láthair na huaire ná go mbeidh gá agat le dáileog eile vacsaíne trí seachtaine ina dhiaidh seo, le go mbeidh tú cosanta go hiomlán ar Fhliú na Muc.

Published by: HSE Publication date: October 2009 Order Code: HPD00603

Irish

An Fliú Mucúil – ORTSA ATÁ FREAGRACHT A CHOISCTHE

Cá háit a dtabharfar vacsaín an Fhliú Mhucúil?

Gheobhaidh tú vacsaín an Fhliú Mhucúil in uachtar do sciatháin. Is féidir le leanaí óga faoi bhun 3 bliana d'aois an vacsaín a fháil ina leis.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

Bíonn na fothorthaí is coitianta go measartha agus d'fhéadfadh tinneas, deirge nó at a bheith i gceist san áit ar tugadh an t-instealladh. D'fhéadfadh tinneas cinn, fiabhras, pianta agus tuirse a bheith i gceist. D'fhéadfadh daoine áirithe a bheith ag cur allais nó a bheith ar crith go bog de réir mar a bhíonn a gcóras imdhíonachta ag dul i ngleic leis an vacsaín, ach ní hionann seo agus an Fliú Mucúil agus imeoidh sé tar éis lá nó dhó.

Céard ba chóir dom a dhéanamh mura mothaím go maith i ndiaidh an vacsaínithe?

Caith paraicéiteamól nó iobúpróifein má tá fiabhras ort nó pian san áit ar tugadh an t-instealladh. Seachain cuimilt éadaí i gcoinne áit an insteallta agus ól go leor leachtanna. Cuimhnigh go bhféadfá féin nó leanbh a bheith tinn ar chúis éigin eile, má tá ceachtar agaibh mar sin tar éis na vacsaíne – ná déan talamh slán de gurb é an vacsaín fliú is cúis leis agus faigh comhairle leighis, más gá.

An chaoi le fothorthaí a thuairisciú

Ós rud é gur vacsaín nua í seo, ba mhaith le Bord Leigheasra na hÉireann a fháil amach faoi fhothorthaí ar bith - is féidir leat iad seo a thuairisciú tríd an bhfoirm tuairiscithe a chomhlánú ag www.imb.ie

An gá dom íoc as an vacsaín?

Tá an vacsaín agus a riar ar fáil saor in aisce do chách.

D'fhéadfaí go n-iarrfaí do UPSP ort (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) nuair a gheofá do vacsaín.

Má tá tuilleadh eolais uait, tabhair cuairt ar www.swineflu.ie nó cuir glaoch ar 1800 94 11 00

Cén duine ar chóir dom dul i dteagmháil leis/léi má tá fadhb ann?

Má thagann aon fhothorthaí tromchúiseacha ort féin nó ar do leanbh mar gheall ar an vacsaín, ba chóir duit dul i dteagmháil le do dhochtúir ginearálta le haghaidh comhairle.

Tuilleadh eolais

Tabhair cuairt ar www.swineflu.ie
www.immunisation.ie
www.hpsc.ie

Published by: HSE Publication date: October 2009 Order Code: HPD00603